

**making magic happen**  
**cruthú na draíochta**



Annual Report 2010  
Tuarascáil Bhliantúil 2010

**National  
Lottery**



## Contents

## Ábhar

### Review of the Year

#### Athbhreithniú ar an mBliain

Chairman's Statement  
Ráiteas an Chathaoirligh

10

Review of Operations  
Athbhreithniú Oibríochta

14

### Governance Rialachas

Board of Directors  
An Bord Stiúrtha

32

Management Team  
An Bhainistíocht

34

### Finance Airgeadas

Index to the Financial  
Statements  
Innéacs do na Ráitis Airgeadais

35

Report of the Directors  
Tuarascáil na Stiúrthóirí

36

Statement of Directors'  
Responsibilities  
Ráiteas faoi Fhreagrachtaí  
na Stiúrthóirí

45

Report of the Independent  
Auditor  
Tuarascáil an Iníúchóra  
Neamhspleách

46

Accounting Policies  
Polasaithe Cuntasáfochta

48

Profit and Loss Account  
Cuntas Brabúis agus Caillteanais

50

Balance Sheet  
Clár Comhardaithe

51

Cash Flow Statement  
Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid

52

Notes to the Financial  
Statements  
Nótaí ar na Ráitis Airgeadais

53



### Front Cover

Trevor Cawley, and his wife Caroline, from Sligo celebrate their €1,000,000 win when their horse, Invincible Ash, won the inaugural National Lottery Sweepstakes Race on the Curragh in Kildare in June 2010.

### Clúdach Tosaigh

Trevor Cawley, agus a bhean, Caroline, as Sligeach agus a mbua de €1,000,000 á cheiliúradh acu nuair a bhuaigh a gcapall, Invincible Ash, Rás tosaigh National Lottery Sweepstakes ar an gCurragh i gCill Dara mí an Mheithimh 2010.

## Our Vision

To provide exciting and engaging lottery games that bring fun and entertainment to everyone. As a result, we aim to be the best-known brand in Ireland.

## Our Mission

To operate a world-class lottery for the people of Ireland, raising funds for good causes, on behalf of Government.

## Our Values

### • Integrity

We are fair and honest in everything we do and operate to the highest professional standards in all our activities.

### • Innovation

We manage our business in a dynamic and progressive way that best meets the challenges of an ever-changing society.

### • Teamwork

We work together as a team in which everyone supports and encourages each other.

## Ár bhFís

Cluichí crannchuir spreagúla agus mealtacha a chur ar fáil, a thugann spraoi agus caitheamh aimsire do chách. Mar thoradh air sin, is mian linn bheith ar an mbranda is fearr aithne in Éirinn.

## Ár Misean

Crannchur ar chaighdeán domhanda a reáchtáil do mhuintir na hÉireann, cistí a ghnóthú do dhea-chúiseanna, thar ceann an Rialtais.

## Ár Luachanna

### • Ionracas

Bímid cóir agus cothrom inár gcuid oibre uile agus feidhmímid de réir na gcaighdeán is airde inár gcuid gníomhaíochtaí.

### • Nuálaíocht

Bainistímid ár ngnó ar bhealach dinimiciúil agus forásach is fearr a fhreagraíonn do dhúshláin shochaí atá ag síor-athrú.

### • Obair Bhuíne

Oibrímid le chéile mar fhoireann ina dtacaíonn agus ina spreagann daoine a chéile.

**We provide world-class, exciting and engaging lottery games that bring fun and entertainment to everyone.**

**By harnessing our energy and dedication, we can make a real difference to good causes and families all over Ireland, while generating long-term growth for our business.**

**The more successful we are at generating returns from our games, the more funds we will be able to raise for good causes which will, in turn, change more peoples' lives.**

**In the next few pages we look at how we work and share some of the stories that show our business in action.**

**Soláthraímid cluichí Lotto de chaighdeán domhanda a bhíonn corraitheach agus mealltach agus a chuireann spraoi agus caitheamh aimsire ar fáil do chách.**

**Trí leas a bhaint as ár bhfuinneamh is ár dtiomantas tig linn an domhan difríochta a dhéanamh do dheadhúiseanna is do theaghlaigh ar fud na hÉireann agus fás fadtéarma a chothú inár ngnó.**

**Dá mhéid a éiríonn linn torthaí a fháil ar ár gcluichí is ea is mó a bheidh na cistí do dheadhúiseanna, rud a athróidh an saol chun maitheasa i gcás an-chuid daoine.**

**Sna leathanaigh romhainn amach, breathnóimid ar an dóigh ina n oibrímid agus roinntimid oraibh cuid de na scéalta a léiríonn ár ngnó faoi lán seol.**

We focus on ***creating exciting games*** and promoting them imaginatively to ensure our business is successful.

Dírímid ar ***chlúichí spreagúla a cheapadh*** is a chur chun cinn go samhlaíoch le cinntiú go mbeidh rath ar ár ngnó.





### Play the Game

Winning Streak, our longest running Scratch Card game and TV Gameshow, celebrated its 20th anniversary in 2010.

Since it was first broadcast in 1990, over €120 million in prizes of cash, cars and holidays have been given away to thousands of players.

In 2010, 240 players on Winning Streak shared prizes worth €9.9 million, including 77 holidays and 43 cars.

### Imir an Cluiche

Céiliúradh 20 bliain de Winning Streak, ár gcluiche Scríobchárta is ár Seochluiche Teilifísé is faidte ar an saol i 2010.

Ó chéad-chraoladh é i 1990 roinneadh luach €120 milliún de dhuaiseanna ar na mílte iomaiteoirí i bhfoirm airgid, gluaisteán agus saoire.

I 2010, roinneadh duaiseanna dar luach €9.9 milliún ar bhuaitheoirí Winning Streak ar 240 iomaiteoir - 77 saoire agus 43 gluaisteán san áireamh.

We organise our business around our players,  
while working in partnership with **our agent network**  
around the country.

Eagraímid ár ngnó mórthimpeall ár n imreoirí agus  
sinn ag obair i gcomhpháirtíocht lenár **línónra de**  
**ghníomhairí** timpeall na tíre.





### **Partnership Works**

Joe Sweeney (above) of Centre Point Stores in Donaghmede Shopping Centre, Dublin 13 is part of the National Lottery's 3,813-strong Retail Agent Network which shared over €48 million in commission from National Lottery ticket sales in 2010.

National Lottery Retail Agents served National Lottery players unstintingly throughout the year, and played an important role in helping the National Lottery raise over €243 million in 2010 for good causes.

### **Bíonn Toradh ar Chomhpháirtíocht**

Tá Joe Sweeney (thuas) ó Centre Point Stores i Siopalann Dhomhnach Míde, Baile Átha Cliath 13 mar dhuine den 3,813 gníomhaire inár líonra miondfola ar roinneadh os cionn €48 milliún orthu i bhfoirm choimisiúin ón gCrannchur Náisiúnta i 2010.

D'fhreastail Gníomhairí Miondfola an Chrannchuir Náisiúnta gan stad, gan staonadh ar imreoirí an Chrannchuir Náisiúnta le linn na bliana agus bhí ról tábhachtach acu i gcuidiú leis an gCrannchur Náisiúnta os cionn €243 milliún a bhailiú do dhea-chúiseanna i 2010.

We run our operations efficiently with **integrity and transparency**. Our dedicated staff help our business run smoothly.

Riaraimid ár gcuid oibríochtaí **go hionraic agus go tréadhearcach**. Cabhraíonn ár bhfoireann thiomanta le feidhmiú réidh ár ngnó.



### **Working Together as a Team**

National Lottery staff are committed to operating to the highest possible standards.

In 2010, accreditation to ISO 9001 and ISO 27001 was maintained through the operation of a Quality Management System and an Information Security Management System. Last year, the National Lottery also achieved certification to the ISO 14001 Environmental Management System Standard.

### **Ag Obair le Chéile Mar Fhoireann**

Tá foireann an Chrannchuir Náisiúnta tiomanta do bheith ag feidhmiú de réir na gcaighdeán is airde.

I 2010 coimeádadh creidiúnú do ISO 9001 agus ISO 27001 trí Chórás um Chaighdeán Bainistíochta agus Córás um Chaighdeán Rialú Slándála Faisnéise a chur i bhfeidhm. Anraidh chomh maith, bhain an Crannchur Náisiúnta amach creidiúnú freisin do ISO 14001, Caighdean Chórás Bhainistiú na Timpeallachta.

Through our players' contribution, we are proud of the fact that in 2010, we generated over **€243 million for good causes**.

On behalf of all the groups who received funding from the National Lottery Beneficiary Fund, we thank all our players for **making magic happen**.

A buíochas do rannpháirtíocht ár n imreoirí, is ábhar bróid dúinn gur ghineamar **€243 milliún do dheadhúiseanna** le linn 2010.

Thar ceann na ngrúpaí uile a fuair maoliniú ó Chiste Thairbhithé an Chrannchuir Náisiúnta gabhaimid buíochas lenár n imreoirí **as draíocht a chruthú**.



### Going for Gold

Assisted by National Lottery funding, the Oliver Murphy Sports and Recreation Centre in Clontarf, Dublin 3 now has a dual use gym, restaurant, therapy rooms, offices and changing areas.

This Sports Centre is the national headquarters for the Irish Wheelchair Association – Sport which develops and promotes opportunities for people with physical disabilities to participate in sport at a level of their choice.

### Ar Thoir an Bhua

Tá giomnáisiam dé-úsaide, bialann, seomraí teiriú, oifigí agus seomraí gléasta anois ag Ionad Spórt agus Fóillíochta Oliver Murphy i gCluain Tarbh, Baile Átha Cliath 3, de bharr maoiniú ón gCrannchur Náisiúnta.

Tá an tIonad Spórt seo mar cheanncheathrú náisiúnta ag an Irish Wheelchair Association. Cothafonn an spórt deiseanna do dhaoine le míchumas fisiceach chun bheith páirteach i gcúrsaí spóirt ar leibéal a roghnaíonn siad féin.

---

## **Chairman's Statement**

### Ráiteas an Chathaoirligh

---



I am very pleased to report that the National Lottery delivered another good performance in 2010. Notwithstanding the difficulties faced by the Irish economy, we successfully raised a further €243.7 million for distribution by the Government to good causes throughout Ireland.

Is áthas liom a thuairisciú gur fheidhmigh an Crannchur Náisiúnta go maith athuair i 2010. In ainneoin na ndeacrachtaí a bhí sa mhullach ar gheilleagar na hÉireann, d'éirigh linn €243.7 milliún eile a bhailiú le dáileadh ag an Rialtas ar dheachúiseanna ar fud na hÉireann.

| Sales<br>Díolachán | Prizes<br>Duaiseanna | Costs<br>Costais | Funds for good causes<br>Maoiniú do Dhea-chúiseanna |
|--------------------|----------------------|------------------|---|
| €772m              | €419.9m              | €108.4m          | €243.7m   |

The amount raised in 2010 brought the total funds raised since the launch of the National Lottery to over €3.6 billion, with more than €1 billion of that sum raised in the last four years.

2010 was also an excellent year for players as they shared €419.9 million or 54.4% of total sales in prizes, up from 53.8% in the previous year.

### Performance

The experience of lotteries internationally is that as recessionary conditions prevail there is a negative impact on sales. In Ireland, overall turnover in 2010 was down just over 5% in a difficult retail environment. Total sales were €772.0 million compared to €815.1 million in 2009.

Lotto related draw games continued to be the main product category accounting for €430.6 million or 55.8% of sales in 2010. Within this category, Lotto sales were €322.2 million, Lotto Plus sales were €94.3 million and Lotto 5-4-3-2-1 sales increased by 26.0% to €14.1 million.

EuroMillions generated sales of €98.6 million, while the associated EuroMillions Plus game, which is exclusive to Ireland, achieved sales of €33.2 million.

Throughout the year we continued to expand the range of Scratch Card games available. However, sales were affected by the general decline in footfall in retail stores during 2010 and were consequently down to €153.2 million from €163.8 million in the previous year.

Agus an tsuin a bailódh i 2010 tugtha san áireamh, tá os cionn €3.6 billiún bailithe ag an gCrannchur Náisiúnta ó bunaíodh é agus le linn na gceithre bliana seo caite a bhailíodh níos mó ná €1 billiún de.

Ba shár-bhliain í 2010 d'imreoirí chomh maith agus roinneadh €419.9 milliún nó 54.4% den díolachán iomlán orthu mar dhuaíseanna. Méadú é seo ó 53.8% sa bhliain roimhe sin.

### Feidhmíocht

Tá sé mar thaithí ag crannchuir go hidirnáisiúnta go mbíonn éifeacht dhiúltach ar dhíolachán nuair a bhíonn cíulú eacnamaíochta ann. In Éirinn bhí titim de bheagán thar 5% i 2010 ar an láimhdeachas agus an timpeallacht miondíola deacair. Bhí díolachán iomlán de €772.0 milliún ann i gcomparáid le €815.1 milliún i 2009.

Ba chluichí bainteach le Lotto an príomh-chineál táirge agus b'ionann iad is €430.6 milliún nó 55.8% den díolachán i 2010. Taobh istigh den chatagóir seo bhí díolachán de €322.2 milliún ar Lotto, díolachán de €94.3 milliún ar Lotto Plus agus bhí méadú 26.0% ar dhíolachán Lotto 5 4-3-2-1 go dtí €14.1 milliún.

Ghin díolachán ar EuroMillions €98.6 milliún agus bhain an cluiche gaolmhar, EuroMillions Plus, atá eisíach d'Éirinn, amach díolachán de €33.2 milliún.

Le linn na bliana chuireamar le raon na gcluichí scríobchárta a bhfuil fáil orthu. Mar sin féin, chuir an titim ginearálta ar líon na gcustaiméirí i siopaí miondíola le linn 2010 isteach ar an díolachán agus bhí ísliú air, dá réir, ó €163.8 milliún an bhliain roimhe sin go dtí €153.2 milliún.

There was encouraging growth in TellyBingo which, with the addition of a new Thursday draw in September, achieved increased sales of €15.3 million, up 7.2%. The daily game, All or Nothing, also demonstrated strong growth and generated sales of €9.9 million in its first full year.

Total sales of the Monday Million draw game were €20.6 million, with the launch of Monday Million Plus in May generating sales of €3.7 million of this amount.

In 2010, we built on the now well established limited edition raffle game format. First introduced in 2008 with one raffle draw, there were four raffle draws in 2009 as players responded well to the limited edition concept. During the year under review, we had two further millionaire raffles, to coincide with Easter and Christmas. We also introduced the new National Lottery Sweepstakes game giving raffle a new dimension. Together, the three raffle-based games generated sales of €10.6 million in 2010.

Through the ongoing expansion and innovation of its game portfolio, the National Lottery continues to raise excitement levels for players and generate funds for good causes. During 2010, we had a number of significant new game developments. In addition to Sweepstakes, these included the launch of Monday Million Plus and the addition of an extra draw day for TellyBingo.

During the year a total of over 36 million winners shared numerous prizes and promotions across the game portfolio. We had 25 Lotto Jackpot wins, up from 22 in 2009, including two of over €16 million, while in the EuroMillions game, players participated with great excitement in our two €100 million guaranteed superdraws.

## Operations

A continued focus on cost management throughout 2010 resulted in a reduction in total operating expenses from €113.3 million in 2009 to €108.4 million.

Administrative costs, at €19.4 million, were down from €19.7 million in the previous year and accounted for 2.5% of sales, while variable costs of sales, including agents' commission at €48.1 million, were €86.2 million, down from €90.6 million in 2009.

Bhí fás spreagúil faoi TellyBingo, agus le crannchur úr an Déardaoin curtha leis ó mhí Mheán Fómhair, bhain sé amach díolachán de €15.3 milliún, ardú de 7.2%. Léiríodh fás láidir freisin faoin gcluiche laethúil, All or Nothing, agus ghín sé díolachán de €9.9 milliún le linn chéad bhliain iomlán a shaolré.

Bhí díolachán de €20.6 milliún ar an gcluiche crannchuir, Monday Million. Ghin díolachán Monday Millions Plus, a seoladh mí Bealtaine, €3.7 milliún den tsuim seo.

I 2010, thógamar ar fhormáid seanbhunaithe an chluiche crannchuir le ranpháirtíocht teoranta. Tosaíodh air i 2008 le crannchur amháin. Thaitin coincheap na ranpháirtíochta teoranta le himreoirí agus bhí ceithre chranncur ann le linn 2009. Le linn na bliana atá faoi chaibidil bhí dhá chranncur milliúnaí eile againn, um Cháisc is um Nollaig. Thairis sin, thugamar isteach cluiche National Lottery Sweepstakes, rud a thug diminsean nua don chranncur. I bhfochair a chéile, ghín na trí chluiche crannchuir seo díolachán de €10.6 milliún i 2010.

Tríd a phunann cluichí a forbairt is a nuáil, leanann an Crannchur Náisiúnta de bheith ag cothú carabuaice i measc na n imreoirí agus de bheith ag giniúint ciste airgid do dhea-chúiseanna. Le linn 2010 bhí forás suntasach ar chluichí nua. De bhreis ar an Sweepstakes, áirítear orthusan seoladh Monday Million Plus agus lá breise crannchuir do TellyBingo.

Le linn na bliana roinneadh duaiseanna agus promóisín iomadúla thar an phunann cluichí ar bhreis is 36 milliún buaiteoir. Buadh Pota Óir an Lotto 25 uaire – ardú ó 22 bua i 2009 – agus ina measc dhá bhua de bhreis is €16 milliún. Ag an am céanna, ghlac imreoirí sceitimíneacha páirt sa dá ollchranncur ina raibh €100 milliún geallta.

## Oibríochtaí

Díríodh ar bhainistiú costais le linn 2010 ar fad agus bhí mar thoradh air seo gur laghdaíodh na costais oibríochta ó €113.3 milliún i 2009 go dtí €108.4 milliún.

Laghdaíodh na costais riarrachán ó €19.7 milliún sa bhliain roimhe sin go dtí €19.4 milliún. B'ionann iad agus 2.5% den díolachán. €86.2 milliún a bhí ar chostais athraitheacha, €48.1 milliún ar choimisiún na ngníomhairí san áireamh, titim ó €90.6 milliún i 2009.

As part of the National Lottery's retail development policy, we increased our number of retail agents to 3,813, a net increase of 19 locations compared to the previous year. We continued to improve player support across the network with self-service ticket checkers now installed in 89% of all agents.

Throughout the year, the management team and employees worked extremely hard to overcome many business challenges and deliver a strong performance. I would like to thank them all for their efforts, professionalism and commitment.

As chairman, I received much valued support and advice from the National Lottery Board throughout 2010. During the year, Niamh McGowan retired from the Board and I would like to thank her for her contribution over the past 12 years. I am also pleased to welcome Caroline Murphy to the Board.

During the year, the continued support of our shareholders, the Minister for Finance and An Post, was invaluable in our efforts to operate and develop the business.

Whilst the future retail environment in Ireland continues to be uncertain, we believe the ongoing focus on game innovation demonstrated by the National Lottery, together with its commitment to delivering cost efficiencies, will achieve further success in 2011.

I am confident that our strong commitment to the vision, mission and values of the National Lottery will ensure that we continue to raise much needed funds for good causes throughout the country and play an ongoing role in enhancing community life in Ireland.

Mar chuid de pholasáí forbartha miondíola An Chrannchuir Náisiúnta, mhéadaíomar líon na ngníomhairí miondíola go dtí 3,813, ardú glan de 19 ionad i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin. Leanamar de bheith ag cothú thacafocht na n imreoirí trí mheaisíní seiceála féinseirbhise a chur isteach i 89% de na hasraonta.

Le linn na bliana d'oibrigh an fhoireann bainistíochta agus na fostaithe go dian dícheallach chun dúshláin ghnó iomadúla a shárú agus ardleibhéal feidhmíochta a bhaint amach. Ba dheas liom buíochas a ghabháil leo uile as a n iarrachtaí, a ngairmiúlacht agus a dtiomantas.

Mar chathaoirleach, fuair mé an-chuid tacaíochta agus comhairle ó Bhord an Chrannchuir Náisiúnta le linn 2010. D'éirigh Niamh McGowan as an mbord le linn na bliana agus ba mhaith liom buíochas a ghabháil léi as an méid a rinne sí le 12 bliain anuas. Is áthas liom chomh maith fáiltí roimh Caroline Murphy ar an mBord.

Le linn na bliana, bhí tacafocht leanúnach ár scairshealbhóirí, an tAire Airgeadais agus An Post, fíorluachmhar agus sinn i mbun ár gcuid iarrachtaí chun an gnó a rith is a fhobairt.

Síud is go leanann cúinsí miondíola in Éirinn de bheith éiginnte creidimid go mbeidh rath orainn i 2011 ach leanúint de bheith ag díriú ar nuálafocht cluichíochta, mar atá léirithe ag an gCrannchuir Náisiúnta, anuas ar a thiomantas chun costais a chiorrú.

Táim deimhin de go gcinnteoidh ár dtiomantas daingean d'fhís, do mhisean agus do luachanna an Chrannchuir Náisiúnta go n éireoidh linn leanúint de bheith ag gnóthú cistí airgid, a bhfuil géarghá leo, do dhea chúiseanna ar fud na tíre agus go leanfaimid lenár ról leanúnach chun saol an phobail in Éirinn a fheabhsú.



**Donal Connell**

Chairman, 22 February, 2011

Cathaoirleach, 22 Feabhra, 2011

---

## **Review of Operations**

### **Athbhreithniú Oibríochta**

---



**With sales of €772.0 million and €243.7 million raised for good causes, we delivered another robust performance in 2010. Since 1987, the National Lottery has raised over €3.6 billion for distribution by the Government to good causes throughout Ireland. In the last four years alone, we have generated over €1 billion of that total due to our strong operating performance.**

**D'fheidhmíomar go láidir arís i 2010 agus díolachán de €772.0 milliún bainte amach againn agus €243.7 milliún bailithe do dhea-chúiseanna. Ó 1987 i leith tá an Crannchur Náisiúnta tar éis €3.6 billiún a bhailiú le dáileadh ag an Rialtas ar dhea-chúiseanna ar fud na hÉireann. Le ceithre bliana anuas amháin, ghineamar os cionn €1 billiún den tsuim sin de bharr ár bhfeidhmíocht stóinsithe oibriúcháin.**

## HIGHLIGHTS OF THE YEAR BUAICPHOINNTÍ NA BLIANA

# €419.9m €3.6bn

**in winnings was shared by over 2.2 million players across 12 different National Lottery game categories in 2010.**

**a buadh agus a roinneadh ar bhreis is 2.2 milliún imreoir thar 12 catagóirí éagsúla cluichí de chuid an Chrannchuir Náisiúnta i 2010.**

**is the amount raised for good causes by the National Lottery since 1987.**

**an tsuim a ghnóthaigh an Crannchur Náisiúnta do dhea-chúiseanna ó 1987 i leith.**

In 2010, we faced challenges presented by the ongoing recession, changes in consumers' shopping habits and the effect of the unexpectedly bad weather conditions particularly around the traditionally busy Christmas shopping season.

### Players

Player participation rate remained high with almost two thirds of all adults playing National Lottery games on a regular basis.

Our 2.2 million players shared winnings of €419.9 million across our exciting portfolio of 12 different game categories during 2010. On average, the National Lottery paid out over €1 million every day of the year in tax free winnings to our players.

It was an excellent year for players as the number of jackpot wins was above statistical expectations. In addition to the many large jackpot wins, 897 players won prizes over €10,000.

During the year, we continued our strategy of offering attractive game choices to our players and introduced a number of innovative game developments. These included the launch of Monday Million Plus, the limited edition National Lottery Sweepstakes game and the extension of TellyBingo to three draws per week.

As part of our brand building strategy, a new masterbrand TV advertisement, filmed in Dublin, went on air in August. This attractive advertisement involved hundreds of people in a contemporary Irish setting and brought the 'making magic happen' theme to life as a magical rainbow was created. Its uplifting soundtrack, the Elvis Presley song 'Pocketful of Rainbows,' has become extremely popular with our players.

I 2010 chaitheamar aghaidh a thabhairt ar dhúshláin de dheasca an chúlú leanúnach eacnamaíochta, athruithe ar nósanna siopadóireachta ár gcustaiméirí agus an éifeacht a bhí ag an drochaimsír a tháinig gan choinne le linn tréimhse gnóthach siopadóireachta na Nollag.

### Imreoirí

Lean an ráta rannpháirtíochta de bheith ard agus d'imir nach mór dhá thrian d'aosaigh uile na tíre cluichí an Chrannchuir Náisiúnta ar bhonn rialta.

Roinneadh €419.9 milliún de dhuaischiste ar ár 2.2 milliún imreoir inár bpunann spreagúil de 12 catagóir cluichí le linn 2010. Mar mheán, d'íoc an Crannchur Náisiúnta os cionn €1 milliún gach lá le linn na bliana mar dhuaiseanna saor-ó-cháin lenár n imreoirí.

Sár bhliain a bhí ann d'imreoirí toisc go raibh líon na bpotaí óir a buadh thar mar a bheifí ag súil leis go staitistiúil. Anuas ar an líon mór potaí óir a buadh, bhain 897 imreoirí duaiseanna ar mhó iad ná €10,000.

Le linn na bliana leanamar d'ár straitéis de bheith ag soláthar roghanna mealltacha cluichí d'ár n imreoirí agus thugamar isteach roinnt forbairtí cluichíochta nuálaíocha. Orthusan bhí seoladh Monday Million Plus, cluiche National Lottery Sweepstakes le rannpháirtíocht theoranta agus leathnú TellyBingo go dtí trí chrannchur sa tseachtain.

Mar chuid d'ár straitéis chun branda a fhorbairt, cuireadh ár bhfógra nua máistir-bhranda, a scannánaíodh i mBaile Átha Cliath, ar an aer mí Lúnasa. Bhí na céadta daoine páirteach i dtímeallacht chomhaimseartha Éireannach agus tagann an téama 'déantar draíocht' chun beochta nuair a cruthaítear bogha ceatha draíochta. Tá an-tóir ag ár n imreoirí ar an bhfuaimrian meanmnach, an t amhrán 'Pocketful of Rainbows', le Elvis Presley.

## making magic happen...

# ...for Arts, Culture, National Heritage

**rudaí draíochtúla á ndéanamh...**

*...do na hEalaíona,  
don Chultúr is don  
Oidhreacht Náisiúnta*

## Lotto

Lotto related games continue to be a flagship product for the National Lottery accounting for 55.8% of overall sales.

During 2010, Lotto sales were €322.2 million compared to €336.0 million in the previous year.

Players won a total of €161.1 million in Lotto prizes, with great interest and excitement around the two big jackpot wins of the year. Overall, there were 25 Lotto jackpot wins during 2010 creating 23 new individual Lotto millionaires. There were also 172 winners of the Match 5 plus Bonus number prizes.

Throughout the year, the ever popular Lotto game continued to excite players and was further enhanced with a series of special promotions.

€2 million was added to the jackpot in mid-January, leading to a jackpot of €7,457,357 which was collected by Michelle Ryan from Fardrum, Athlone, Co. Westmeath, getting her year off to the perfect start.

For St. Patrick's weekend a further €2 million was added to celebrate National Lottery Skyfest, while a similar amount was added for the Easter weekend jackpot.

In April, the biggest jackpot of the year, and the second largest ever in the history of the Lotto Game, was €16,717,717 million won in Dungarvan, Co. Waterford. We had a special prize promotion for the May Bank Holiday weekend with €2 million added to the jackpot for the Saturday night Lotto draw.

Celebrating its 40th anniversary, the **National Youth Orchestra of Ireland (NYOI)** aims to give its members access to the best possible training and performance experience. Through this, it enhances the lives of young people, enriches cultural life in Ireland through live performances and broadcasts, and cultivates cultural excellence and creativity at home and abroad.

The National Youth Orchestra of Ireland is now annually funded by the National Lottery through the Department of Education and Science and the Arts Council.

Agus a 40ú breithlá á cheiliúradh aici, féachann **Ceolchoireann Náisiúnta Óige na hÉireann** le deis a thabhairt dá cuid ball teacht ar an oiliúint agus an taithí seama is fearr dá bhfuil teacht air. Ar an doigh seo, feabhsaíonn sí an saol do dhaoine óga, saibhríonn sí saol cultúrtha na hÉireann trí sheinnim beo agus trí chraolta, agus cothaíonn sí ardchaighdeáin feabhas agus cruthafochta sa bhaile agus i gcéin.

Faigheann Ceolchoireann Náisiúnta Óige na hÉireann maoiniú bliantúil ón gCrannchur Náisiúnta tríd an Roinn Oideachais agus Scileanna agus an Chomhairle Ealaíon.

## Lotto

Leanann na cluichí, a bhaineann le Lotto, de bheith ina chrann seoil i measc tháirgí an Chrannchuir Náisiúnta. Is ionann iad agus 55.8% den díolachán iomlán.

Le linn 2010 bhí díolachán de €322.2 milliún ar Lotto le hais €336.0 milliún an bhliain roimhe sin.

Bhuaigh imreoirí iomlán de €161.1 milliún de dhuaiseanna Lotto agus bhí an-spéis agus sceitimíni ag baint leis an dá phota móra óir a buadh le linn na bliana. Ina iomláine, buadh 25 pota óir Lotto le linn 2010 agus rinneadh milliúnaithe de 23 duine. Anuas air sin, bhuaigh 172 duine duaiseanna Match 5 móide duaiseanna uimhreacha bónais.

Le linn na bliana d'éirigh leis an gcluiche mór-thóir Lotto leanúint de bheith ag cur sceitimíni ar imreoirí agus feabhsaíodh é le sraith de phomóisin speisialta.

Cuireadh €2 milliún leis an bpota óir i lár Eanáir, rud a chruthaigh pota óir de €7,457,357, a bhuaigh Michelle Ryan ó Fhardroim, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí. Tús den scoth lena bliain!

Cuireadh €2 milliún eile leis deireadh seachtaine na Féile Pádraig chun Skyfest an Chrannchuir Náisiúnta a cheiliúradh agus cuireadh an tsuim chéanna leis do phota óir na Cásca.

Mí Aibreán, buadh an bpota óir ba mhó le linn na bliana, agus an dara ceann ba mhó i stair an Chluiche Lotto – €16,717,717 milliún – i nDún Garbhán, Co. Phort Láirge. Bhí promóisean duaise ar leith againn do dheireadh seachtaine Shaorlá Bainc na Bealtaine agus cuireadh €2 milliún leis an bpota óir do chrannchur Lotto an tSathairn.



In August, we launched our new style Lotto advertising campaign. Based on the concept ‘*What would you do for a few million euro?*’, it shows characters in a number of humorous situations illustrating the lengths they would go to gain a Lotto jackpot amount.

During September and October, we witnessed the longest Lotto rollover of the year in the build up to the €16,390,239 Lotto jackpot win collected on 27 October by the owner of a ticket bought in Donnybrook Fair, Dublin.

Given that Christmas Day fell on a Saturday in 2010, we held our Lotto draw on Christmas Eve adding €1 million to the jackpot to celebrate the festive season. The resulting €3 million jackpot win proved to be the ultimate Christmas present for a lucky Co. Cork couple who said that the real bonus coming from this win was ‘not having to worry about the day-to-day stuff like the mortgage and the bills’.

### Lotto Plus

Lotto Plus sales were €94.3 million compared to €97.5 million in the previous year. Players shared €45.0 million in prizes, with 25 winners of the €350,000 Lotto Plus 1 top prize and a further 25 winners of the €250,000 Lotto Plus 2 top prize. This total of 50 top prize winners represented a significant increase on the previous year when we had 44 top prize winners in Lotto Plus. More Lotto players than ever now play Lotto Plus as well, with nearly 90% of players playing both games.

Mí Lúnasa, sheolamar ár bhfeachtas nua-stíle fógraíochta do Lotto. Bunaithe ar an gcoincheap ‘*Cad a dhéanfá chun roinnt milliún euro a fháil?*’, léiríonn sé carachtair faoi chuínsí greannmhara éagsúla agus na cleasa a tharraingíonn siad chucu féin chun pota óir Lotto a fháil.

Le linn mí Mheán Fómhair is mí Dheireadh Fómhair, chonaiceamar an tar rolladh Lotto ba fhaide le linn na bliana roimh bhua an phota óir de €16,390,239 a bhailigh úinéir thicéid a ceannaíodh i Donnybrook Fair, Baile Átha Cliath ar 27 Deireadh Fómhair.

Ag cur san áireamh go raibh Lá Nollag ann Dé Sathairn i 2010 bhí ár gcrannchur Lotto againn Oíche Nollag agus chuireamar €1 milliún leis an bpota óir chun an fhéile a cheiliúradh. Bhí bua an phota óir de €3 milliún, a bhí mar thoradh air seo, ina fhéirín Nollag den scoth ag lánúin ádhúil ó Chontae Chorcaí a dúirt gurbh é an ffor-bhónas a d'eascair as an mbua ná ‘gan a bheith buartha feasta faoi chúramaí laethúla mar an morgáiste agus na billí’.

### Lotto Plus

Bhí díolachán de €94.3 milliún ar Lotto Plus i gcomparáid le €97.5 milliún an bhliain roimhe sin. Roinneadh luach €45.0 milliún de dhuaiseanna ar imreoirí, bhain 25 buaiteoir an bharr-dhuais Lotto Plus 1 de €350,000 agus bhain 25 buaiteoir eile an bharr-dhuais de €250,000 i Lotto Plus 2. Méadú é an t ionlán seo de 50 buaiteoirí barr-duaise i Lotto Plus ar an 44 buaiteoir barr-duaise an bhliain roimhe sin. Imríonn níos mó imreoirí Lotto ná riamh Lotto Plus agus imríonn beagnach 90% de na himreoirí an dá chluiche.

## making magic happen...

# ...for the Irish Language

rudaí draiochtúla á ndéanamh...

...don Ghaeilge

Players had a special Valentine's treat in February when all winners of Match 5 plus Bonus number prizes also won €100,000 worth of diamonds. There were four such winners on the Lotto Plus games with tickets bought in Kilmacanogue, Co. Wicklow; Ennis, Co. Clare; Clifden, Co. Galway and Mullinahone, Co. Tipperary where the winner was a syndicate of players from Coolmore Stud.

### Lotto 5-4-3-2-1

Lotto 5-4-3-2-1 grew significantly in 2010, with sales up 26.0% to a record €14.1 million from €11.2 million in the previous year, boosted by the full year effect of Lotto 5-4-3-2-1 Plus 1 and Plus 2.

The decision to extend this game to include the Plus draws in 2009, proved popular with players as they continued to show their loyalty to the game format. Prizes won amounted to €9.4 million, or 66.5% of total sales, representing a very favourable return to players.

### EuroMillions

Sales of the mega jackpot EuroMillions game were €98.6 million which represented 12.8% of total sales, compared to the €105.7 million in 2009.

The percentage of EuroMillions players who also play EuroMillions Plus increased from 65% in 2009 to 67% in the course of the year. EuroMillions Plus sales were €33.2 million in 2010.

Over the last few years, the main EuroMillions game has been very popular across the nine participating countries. However, this had an impact on the regularity with which the jackpot was won throughout 2010, resulting in a lack of big jackpot rolls which in turn had an impact on the level of sales.

**An Taibhdhearc** is the National Irish Theatre and stages plays through Irish with a view to enhancing and expanding the use of the Irish language.

Set up by Micheal Mac Liammoir and Hilton Edwards in 1928, An Taibhdhearc has gained a reputation as an artistic centre for the promotion of the Irish language. It has been of immense importance to the city of Galway and the theatre has encouraged those with a love of Irish to use and develop their language skills further.

An Taibhdhearc receives support from the National Lottery through Ciste na Gaeilge.

Is i an **Taibhdhearc** Amharclann Náisiúnta na Gaeilge agus cuireann sí drámaí ar státse agus í mar aidhm aici úsáid na Gaeilge a fheabhsú is a leathnú.

Micheál Mac Liammóir agus Hilton Edwards a bhunaigh í i 1928 agus tá cáil bainte amach aici mar ionad ealaíne chun an Ghaeilge a chur chun cinn. Tá sí an-tábhachtach do chathair na Gaillimhe agus tá an amharclann tar éis seans a thabhairt dóibhsean, a bhfuil grá acu don Ghaeilge, a scileanna teanga agus a ndeiseanna úsáide a fhorbairt.

Faigheann an Taibhdhearc tacaíocht ón gCrannchur Náisiúnta trí Chiste na Gaeilge.

Bhí pléisiúr ar leith in ann d'imreoirí Lá San Vailintín mí Feabhra nuair a ghnóthaigh buaiteoirí uile Match 5 plus Bonus duais bhereise de dhiamaint dar luach €100,000. Bhí ceithre bhuaiteoir den chineál seo ann a cheannaigh ticéid i gCill Mocheanóig, Co. Chill Mhantáin; in Inis, Co. an Chláir; sa Chlochán, Co. na Gaillimhe agus i Muileann na hUamhan, Co. Thiobraid Árann, áit ar shindecáit ó Coolmore Stud a bhí ina bhuaiteoir.

### Lotto 5-4-3-2-1

Bhí fás suntasach faoi Lotto 5-4-3-2-1 i 2010 agus méadaíodh an díolachán 26.0% go dtí ard-leibhéal de €14.1 milliún i comparáid le €11.2 milliún an bhliain roimhe sin. Bhí éifeacht air seo ag bliain iomlán de Lotto 5-4-3-2-1 Plus 1 agus Plus 2

Thaitin sé le himreoirí gur glacadh an cinneadh i 2009 crannchuir Plus a chur leis an gcluiche agus lean siad de bheith ag léiriú dílseachta d'fhormáid an chluiche. Buadh luach €9.4 milliún de dhuaiseanna arbh ionann iad agus 66.5% den díolachán iomlán. Fáltas fabhrach a bhí anseo d'imreoirí.

### EuroMillions

Bhí díolachán de €98.6 milliún ar chluiche EuroMillions gona phota óir ollmhór i gcomparáid le €105.7 milliún i 2009. B'ionann é seo agus 12.8% den díolachán iomlán.

Mhéadaigh an céatadán d'imreoirí EuroMillions a imríonn EuroMillions Plus chomh maith ó 65% i 2009 go dtí 67% i gcaitheamh na bliana. Bhí díolachán de €33.2 milliún ar EuroMillions Plus i 2010.

Le blianta beaga anuas, bhí an-tóir ar an bpriomh-chluiche EuroMillions sna naoi dtíortha a ghlacann páirt ann. Mar sin féin, bhí éifeacht aige seo ar cé chomh rialta is a buadh an pota óir le linn 2010, rud a d'fhág gur beag tar-rolladh mór a bhí ag an bpota óir. D'fhág an toradh seo a rian ar an leibhéal díolacháin.



There was a €100 million Superdraw in February 2010 which, after a rollover, resulted in €129 million being shared by two winning tickets, one bought in UK and the other in Spain.

Following the offer of another €100 million guaranteed prize in October, the largest single jackpot of the year of €129.8 million was won in the UK on 8 October, 2010. This was Britain's biggest ever EuroMillions winner.

A total of €67.3 million was won by Irish players on EuroMillions and EuroMillions Plus games during 2010. We had as many as 21 players who were just one lucky star number away from winning big jackpots. The highest of these Irish Match 5 plus Lucky Star win was €856,451 in April with a ticket bought in Cushens Good News, Portlaoise.

11 players won the €500,000 top EuroMillions Plus prize. We also had our first big online EuroMillions winner with €632,452 won in September by a Dublin based player.

In the course of the year, there were a number of special EuroMillions promotions including the doubling of all EuroMillions Plus prizes for two draws in April and again in June.

On average, over 37,000 players in Ireland won cash prizes in EuroMillions games each week of the year.

Bhí Ollchrannchur ar €100 milliún ann mí Feabhra 2010. Bhí de thoradh air seo gur roinneadh €129 milliún, i ndiaidh tar-rollta, ar dhá thicéad buachana, ceann acu a ceannaíodh sa RA agus an ceann eile sa Spáinn.

Agus duais eile de €100 milliún rathairthe mí Dheireadh Fómhair, buadh an pota óir ba mhó sa bhliain, €129.8 milliún, sa RA ar 8 Deireadh Fómhair, 2010. Bé seo an buaiteoir EuroMillions ba mhó riamh sa Bhreatain.

Bhuaigh imreoirí Éireannacha iomlán de €67.3 milliún ar chluichí EuroMillions agus EuroMillions Plus le linn 2010. Bhí suas le 21 imreoir againn nach raibh ach uimhir réalta ádhúil amháin gann ar cheann de na potaí óir móra a bhuaigh. Bé €856,451 an duais Éireannach ba airde a bhuaigh Match 5 plus Lucky Star. B'in mí Aibreáin agus ceannaíodh an ticéad i siopa Cushens Good News, Port Laoise.

Bhuaigh 11 imreoirí barr-dhuais EuroMillions Plus de €500,000. Bhí ár gcéad mhór-buaiteoir EuroMillions ar líne againn mí Mheán Fómhair nuair a bhuaigh imreoir i mBaile Átha Cliath €632,452.

I gcaitheamh na bliana bhí roinnt promóisean speisialta EuroMillions ann, ina measc dúbláil dhuaiseanna EuroMillions Plus do dhá chrannchur mí Aibreáin agus arís mí an Mheithimh.

Ar an meán, bhuaigh 37,000 imreoir in Éirinn duaiseanna airgid i gcluichí EuroMillions gach seachtain le linn na bliana.

## making magic happen...

# ...for Limerick Skyfest 2010

rudaí draíochtúla á ndéanamh...  
...do Skyfest  
Luimnigh 2010

## Scratch Card Games

Ireland's National Lottery first launched in March 1987 with a Scratch Card game and this category has been an important pillar of our business ever since. Sales of Scratch Card games in 2010 were €153.2 million compared with €163.8 million sales in the previous year. Scratch Cards accounted for 19.8 % of overall turnover, making this product category the second largest after Lotto.

As an impulse purchase, Scratch Card sales were affected by the general reduction in footfall in retail outlets experienced in 2010. This was compounded by the bad weather conditions early in the year and again in December, together with overall changes in consumers' shopping patterns.

Throughout the year, we continued the policy of offering customers a choice of different styles of Scratch Card games for different occasions including Congratulations, Easter Money, Festive Fortune and Hampers & Roses.

We also launched a number of themed games such as Pac-Man, Treasure Ireland and Scrabble. In all, we had 38 different Scratch Card games on offer at various stages during the year, ranging in price from €1 to €10.

Players won €99.7 million in prizes including cash, cars and holidays.

On Saturday 13 March, 2010, using over 1.5 tonnes of fireworks, the National Lottery's **Skyfest** spectacular lit up the skies over the magnificent King John's Castle in Limerick. This event was broadcast live to the nation on RTÉ ONE television, thanks to the National Lottery in partnership with the St. Patrick's Festival.

Over 50,000 people turned out to view the breathtaking show which was choreographed to a vibrant soundtrack. This was the third time the National Lottery took the Skyfest fireworks and musical event on tour.

Dé Sathairn, 13 Marta, 2010, agus breis is 1.5 tonna de thinte ealaíne in úsáid, gheal seo mórrhaibhseach **Skyfest** an Chrannchur Náisiúnta an spír os ciom Chaisleán maorga an Rí Eoin i Luimneach. Craoladh an ócáid beo don náisiún ar theilifís RTÉ 1, a bhúochas do Chrannchur Náisiúnta agus é i gcompháirtíocht leis an bhFéile Pádraig.

Bhf breis is 50,000 ar an láthair chun an seo seo, a bainfeadh an anáil as duine, a fheiceáil agus é círeagrafaithe le fuaimrian fuinniúil. Bé seo an tríú uair don Chrannchur Náisiúnta ócáid thinte ealaíne agus cheoil Skyfest a bhreith ar thuras.

## Cluichí Scríobchárta

Seoladh Crannchur Náisiúnta na hÉireann mí an Mhárta 1987 le cluiche Scríobchárta agus tá an cineál seo cluiche ina stóinse tábhachtach d'ár ngnó ó shin i leith. Bhí díolachán de €153.2 milliún ar chluichí Scríobchárta i 2010 i gcomparáid le €163.8 milliún an bhliain roimhe sin. B'ionann na Scríobchártaí agus 19.8 % d'ár láimhdeachas iomlán, rud a fhágann go bhfuil an táirge seo ar an dara ceann is mó i ndiaidh Lotto.

Mar bhíogcheannach, chuir an titim ginearálta i líon na gcustaiméirí in asraonta miondíola isteach ar dhíolachán Scríobchártaí i 2010. Rinne an drochaimsir i dtús na bliana agus arís mí na Nollag, anuas ar athruithe ar nósanna siopadóireachta thomholtóirí, an scéal níos measa fós.

Le linn na bliana, leanamar d'ár bpolasáí raon stíleanna de Scríobchártaí d'óċáidí éagsúla a thairiscint dár gcustaiméirí. Orthusan bhí Congratulations, Easter Money, Festive Fortune agus Hampers & Roses.

Anuas air sin, sheolamar roinnt cluiche le téama dála Pac-Man, Treasure Ireland agus Scrabble. Ina iomláine, bhí 38 cluiche éagsúil Scríobchárta á dtairiscint againn le linn na bliana agus praghsanna idir €1 agus €10 an ceann orthu.

Bhuaigh imreoirí luach €99.7 milliún de dhuaiseanna idir airgead, charranna agus saoire.



## TV Gameshows

2010 represented a major milestone for our longest running Scratch Card game and TV Gameshow, Winning Streak, which celebrated its 20th anniversary. This gives Winning Streak a unique place in the history books as the longest running and richest European TV Gameshow ever.

Since first airing in 1990, Winning Streak has given away over €120 million in prizes with hundreds of thousands of people tuning in every Saturday evening from September to May.

To mark the anniversary, RTÉ screened a special one hour documentary looking back over the 20 years of Winning Streak's unique appeal.

During the year, 240 players on the Winning Streak TV Gameshow shared prizes to the value of €9.9 million, including 77 holidays and 43 cars. Chris O'Sullivan from Passage West, Cork was the biggest winner, collecting a prize of €318,000 on the show in April.

Our other popular TV Gameshow, Big Money Game, returned for the summer months and culminated with a fantastic trip to New York for 39 winners and their guests.

Over the 13 weeks of the show, €3 million was paid out in Big Money Game prizes, with 60 holidays and 22 cars won along with great cash prizes. The biggest winner on the TV Gameshow was Helen Walsh from Mayfield, Cork who won €310,000 in June.

## Seóchluichí Teilifíse

Cloch mhíle cheart ba ea 2010 dár gcluiche Scríobchárta is dár Seóchluiche Teilifíse is faide ar an saol, Winning Streak, nuair a ceiliúradh a 20ú breithlá. Tugann sé seo áit ar leith sna leabhair staire do Winning Streak mar an Seóchluiche Teilifíse is sine agus is mó airgid san Eoraip.

Ó chéad chraoladh é i 1990, tá os cionn luach €120 milliún dálite ag Winning Streak mar dhuaiseanna agus tiúnann na céadta míle isteach chun breathnú air gach tráthnóna Sathairn ó Mheán Fómhair go Bealtaine.

Chun an ócáid a cheiliúradh chraol RTÉ clár faisnéise uair an chloig chun féachaint siar ar an mealladh ar leith a bhí ag Winning Streak le linn a shaolré de fiche bliain.

Le linn na bliana, roinneadh duaiseanna dar luach €9.9 milliún ar 240 imreoir a ghlaic páirt i Seóchluiche Teilifíse Winning Streak, ina measc 77 saoire agus 43 gluaiseanta. Bé Chris O'Sullivan ón bPasáiste, Co. Chorcaí, an buaiteoir ba mhó agus ghnóthaigh sé duais de €318,000 ar an seó mí Aibreáin.

D'fhill ár Seóchluiche Teilifíse mórélimh eile, Big Money Game, do mhíonna an tsamhraidh agus chríochaigh sé le turas fantaiseach chuiig Nua Eabhrach do 39 buaiteoir is a n aíonna.

Thar 13 sheachtain an tseó íocadh €3 milliún mar dhuaiseanna ar Big Money Game ar a n áirítear 60 saoire, 22 gluaiseanta agus duaiseanna iontacha airgid. Bí Helen Walsh ó Bhaile na mBocht, Corcaigh, a bhuaigh €310,000 mí an Mheithimh, an buaiteoir ba mhó ar an Seóchluiche Teilifíse.

**making magic happen...**

**...for Health  
and Welfare**

**rudaí draíochtúla á ndéanamh...**  
*...do chúrsaí Sláinte  
agus Leasa Sóisialaigh*

The Deal or No Deal Scratch Card TV Gameshow continued its run on TV3 for the early part of the year, with hundreds of thousands of people tuning in to watch players pit their wits against the infamous banker. Mary Egan from Dublin 9 won the highest prize of the season, €250,000, in January.

### TellyBingo

TellyBingo continued to expand its appeal during 2010 with a 7.2% increase in sales to €15.3 million. This growth was mainly driven by the introduction of a third TellyBingo weekly draw in September. There are now three TellyBingo shows on RTÉ TV each week on Tuesdays, Thursdays and Fridays.

